Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

S. 91/05

D'Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

GAEILGE 2006 - 2008

Leis an imlitir seo tá ceisteanna samplacha ar an dráma agus ar an scannán atá mar chuid den chúrsa litríochta a bheidh faoi scrúdú san Ardteistiméireacht, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, sna blianta 2006, 2007 agus 2008.

In éineacht leis na ceisteanna samplacha, tá cóip de na treoracha a bheidh le léamh ar na scrúdpháipéir, agus le leanúint ag na hiarrthóirí, ó scrúdú 2006 ar aghaidh nó go bhfógrófar a mhalairt.

Meabhraítear do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí go bhfuil gach eolas faoin gcúrsa féin le fáil in imlitir M4/04, atá mar aguisín tosaigh leis an leabhrán *Treoirlínte mar Thaca le Múineadh an Chúrsa Leasaithe Litríochta* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta /CNCM, 2004).

Beidh an leagan amach céanna ar na scrúdpháipéir is a bhí orthu le blianta beaga anuas, na roghanna céanna maidir le ceisteanna ann, agus an roinnt chéanna maidir le marcanna.

A. Farrell
Stiúrthóir na nOibriúchán

Samhain 2005